

Coláiste de hÍde



Meas - Bród - Comhar

Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Fón 01 4513984 Facs 01 4527075 R-phost: eolas@colaistehide.ie

Suíomh Idirlín www.colaistehide.ie

Príomhoide: Conchubhair Mac Ghloinn

Príomhoide Tánaisteach: Sarah Ní Mhuirí

Polasaí Ionchuímsiú

Ráiteas Misin

Tá sé mar aidhm againn i gColáiste de hÍde an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tré mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiniómhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal.

Tá tuiscint lárnach anseo nach ndéanadh riachtanais aonaracha nó difríochtaí foghlama coisc ar dhalta bláthú i gColáiste de hÍde. Tá sé mar aidhm againn má bhíonn dalta aitheanta nó measúnaithe go bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu, go tabharfar pé tacaíocht dóibh atá mar riachtanas acu chun iad a chur ar a gcumas chun a poitéinseal a shroicint (ag braith ar an tacaíocht seo a bheith ar acmhainn ón Roinn Oideachais agus Scileanna). Déanfar seo a chur ar fáil trí mhódh uilescoile chun tacaíocht a thabhairt don pháiste agus a riachtanais aonarach.

1. Aidhmeanna

Tá sé mar aidhm ag Coláiste de hÍde chun:

- Cinntiú go gcuirfear oideachais ar dhaltaí le riachtanaisí ar leith i dtimpeallacht freagrach agus ionchuimsitheach.
- Cinntiú go n-aithnítear agus freaslaítear ar dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais i modh chothrom agus cóir ionas go bhforbraítear agus léirítear meas ar a bpoteinseál foghlama agus féinmheas.
- Éifeacht phraicticiúil a thabhairt chuig cearta bunreachtúla na ndaltaí ar a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó míchumas orthu faoi mar a bhaineann sin leis an oideachais.
- Soláthar a dhéanamh, ag tacú leis an modh nua leithdháileadh, léibheal agus caighdeán oideachais oiriúnach do chaighdeán na ndaltaí uile sa scoil.
- Dearbhú go mbíonn na ceartaí céana ag daltaí riachtanais speisialta oideachais chun leas a bhaint as an oideachais ná daltaí nach bhfuil na riachtanais sin orthu.
- Cur ar fáil do ról an tuismitheora in oideachais a bpaistí agus ag déanamh cinntí bainteach lena bpaistí féin.
- Misneach agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí ag tacú le comhpháirtíocht dearfach leo, ar mhaithe le tacaíocht cuí ar scoil agus sa bhaile a bhaint amach.
- Aitheantas a thabhairt don fhreagracht príomhúil atá ag an múinteoir ábhar agus obair a dhéanamh i dtreo tacaíochta a thabhairt dóibh chun riachtanaisí an dalta a thacú.

- Saineolas an fhoireann a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do dhaltáí riachtanais speisialta oideachais.
- Deimhniú go ndéantar curaclam leathan, difreálaithe agus cothrom a thairiscint do dhaltáí uile le riachtanais ar leith agus go ndéantar ar bhonn ionchuimsithe í.
- Cinntiú go bhfuil an fhoireann uile ar an eolas faoi riachtanaisí ar leith na ndaltaí agus na cabhair gur féidir leo a thabhairt dóibh sa limistéir seo.
- Cinntiú nach bhfuil gach dalta le RBO sonraithe go haonárach, ach i gcomhthéacs uile na scoile agus an pobail.
- A bheith i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta (NCSE) agus eagraíochtaí eile maidir le hoideachais na ndaltaí le riachtanais speisialta oideachais.
- Comhordanáid a dhéanamh ar chomairle, treoir agus tacaíocht na heagraíochtaí eile, ina measc, foireann Choláiste de hÍde ag tacú le daltaí le riachtanaisí speisialta oideachais.
- Cláracha a chur ar fáil (má's ann dóibh) chun freastal ar riachtanas dalta, mar shampla, ag leibhéal an Teastas Shóisearaigh, gearrchúrsaí, scileanna sóisialta agus tacaíocht uimheartheachta agus litearthachta. Tuig linn leas a bhaint amach anseo as cláracha L2LPs/L1LPs (Cláracha Foghlama Leibhéal a hAon/Dó). Ag leibhéal na hArdteiste, d'fhéadach na ranganna seo a bheith bainteach le Scileanna Saoil, Scileanna don Saol, Ullmhúchán don Saol Oibre agus Ullmhúchán don Bhreisoideachais.
- Cinntiú, cár bh oiriúnach, gur féidir le daltaí na torthaí foghlama agus intinní eile dá bpleananna aonarach a bhaint amach sa rang phríomhsrutha.
- Caighdeán ard a leagadh amach do dhaltáí RBO agus treoir cuí a thabhairt dóibh, ag tacú agus á mealladh chun a bpoitéinseal a bhaint amach.
- Cinntiú do úsáid éifeachtach agus feidhmiúil acmhainní.
- Monaiteoireacht agus luacháil a dhéanamh ar éifeachtach cleachtas maidir le tacaíocht do dhaltáí le RBO.

2. An Reachtaíocht

Cuireann an polasaí seo na hachtanna seo san áireamh:

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- An tAcht Comhionann (2004)
- An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- Na hAchtanna um Cosaint Sonraí (1988, 1998, 2003 agus 2018)

- Acht EPSEN (Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais) (2004)
- An tAcht um Tús Áite do Leanaí (2015)
- An tAcht (iontrálacha Scoile) Oideachais (2018).

3. Na Foilseacháin Thacaíochta:

Baineadh úsáid as na foinsí seo a leanas i scríobh an pholasaí seo:

- Ciorcalán 0014/2017: Leithdháileadh Mhúinteoireachta Oideachais Speisialta.
- Ionchuisiú Scoláirí le Riachtanas Speisialta Oideachais: Treoirlínte Iar-bhunscoile (ROS, 2007).
- Treoirlínte Tacaíochta do Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna príomhsrutha (ROS, 2007)
- Riachtanas Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta d'iarbhunscoileanna - Treoirlínte do Mhúinteoirí agus Paca Achmhainní atá bainteach leis (NEPS)
- Treoirlínte Tacaíochta do Scoláirí le Deacrachtaí Iompair, Mothúcháin agus Sóisialt: Treoirleabhar do Scoileanna.
- Fráma na Tacaíochta do Riachtanas Speisialta Oideachais (BOO ACDL) (2017)

4. Catagóirí Riachtanas Breise Oideachais (RBO)

Tá gach dalta a fhreastlaíonn ar Choláiste de hÍde ar leith agus indibhidiúil. Tá roinnt daltaí atá ag freastal ar Choláiste de hÍde ar a bhfuil réimse de riachtanais aonarach acu. Tá sé mar aidhm agus idéal go gcuirtear an dalta agus ní an riachtanas sin chun tosaigh.

Ina measc, d'fhéadfadh na riachtanais seo a bheith (ach ní srianta ag) a leanas:

- *Deacrachtaí Fisiciúla*

M.sh. lagú éisteachta nó radhairc, úsáideoir chaitheoir rotha, titeamas, diaibéiteas, fiobróis chisteach, spina bifida nó deacrachtaí comhordaithe.

- *Neamhord mothúcháin nó iompraíochta*

Fad is gur féidir le roinnt do na daltaí dúshlán a chur romhainn (m.sh. ADHD agus roinnt mhíchumais eile ina measc) leis an tacaíocht chúí agus/nó leigheas, is féidir leis an dalta dul chun cinn a dhéanamh i dtimpeallacht 'príomhsrutha'.

- *Saindreachtaí Foghlama*

Dislécise

Deacrachtaí le léitheoireacht agus/nó le litriú

Hipirlécise

Deacrachtaí le tuiscint

Dioscalcúile

Deacrachtaí le huimhreacha

Diosgraife

Deacrachtaí le scríobhneoireacht/peannaireacht

- *Míchumas Foghlama Ginearálta*

Is féidir le daltaí le Míchumas Foghlama Imeachach-Éadrom, Éadrom, Meánach, Dian nó Domhain a bheith orthu. Is féidir le múinteoirí le daltaí mar seo acmhainní múinteoireachta agus treoir a fháil ón roinn feabhais agus Treoirínte do dhaltáí MFC ón NCCA agus an SESS (Seirbhís Tacaíochta um Oideachais Speisialta).

- *Neamhord Speictream Uathachais (ASD)*

Is féidir le daltaí ar an Speictream Uathachais a bheith os cionn a n-ionchais i dtimpeallacht fhreagrach ionchuimsithe de Choláiste de hÍde.

- *Sain-neamhord Urlabhra & Teanga (SLD) agus forbartha (DLD)*
- *Míchumais Iolracha nó aon chatagór eile* ag scoláire a d'fhéadfadh teacht chun solais. Déanfaidh an scoil gach iarracht freastal ar na Riachtanaisí seo ag braith ar acmhainní ón ROS.

5. Cur i bhfeidhm an Múnla Múinteoireachta d'Oideachais Speisialta ó 2017 ar aghaidh

- Déanfar gach iarracht an cur chuige uile scoile do sholáthar tacaíochta do scoláirí RBO a chruthú trí:
- fhorbairt a dhéanamh ar scoil atá fíorionchuimsitheach agus bainfear úsáid as na hacmhainní a chuirtear ar fáil le tacaíocht a thabhairt do dhaltáí le RBO.
- Bunófar tacaíocht do dhaltáí le RBO ar riachtanais aitheanta. Déanfar measúnaithe go railta ar an dul chun cinn i gcomhpháirtíocht le múinteoirí, tuistí, an dalta féin mar atá le sonrú sna Treoirínte ar Chontanam Tacaíochta (Continuum of Support Guidelines). Cuirfear an t-aiseolas seo san áireamh fad is atá an tacaíocht á gcur ar fáil.
- Beidh an léibhéal is airde tacaíochta ag na daltaí leis an leibhéal is mó riachtanaisí.

6. Ag tacú le daltaí le Riachtanais Bhreise Oideachais

Moltar próiseas trí (3) chéim le daltaí RSO a aithint agus le tacú leo de réir Chreat Contanam Tacaíochta NEPS. Is contanam trí léibhéal atá i gceist. Os rud é go mbíonn réimse leathan d'éagsúlacht i gcumas na ndaltaí (éadrom - níos dáiríre, neamhbhuan go buan, sealadach go fadtéarmach), bíonn léibhéal éagsúlachtaí tacaíochta ag teastáil (ag braith ar an gcás). Cabhraíonn an creat seo le léibhéal cuí don idirghabháil a aimsiú (go hincriminteach). Tosaíonn an idirghabháil ag léibhéal ranga go léibhéal aistarraingthe nó obair aonaraigh (de réir mar a bhíonn ag teastáil). Feictear cur síos ar seo sna Treoiríntí ROS do Scoileanna Iarbunscoileil: Ag tacú le scoláirí RBO i Scoileanna Príomhshrutha (Lch. 6)

7. An Comhad Tacaíochta Scoláire: Treoirlínte.

Is féidir leis an scoil taifead a choinneáil ar chúrsaí maidir le dalta tríd an gContanam Tacaíochta leis an gComhad Tacaíochta Scoláire. Tríd seo is féidir dul chun cinn an dalta a leanúint ó thús an phróiséis thacaíochta go dtí an leibhéal Tacaíochta Scoile (do roinnt scoláirí) agus as sin go dtí an leibhéal Tacaíochta Scoile Móide (do líon beag scoláirí). **N.B. Beidh an scoil ag tiontú aon phleananna atá acu isteach i bhformáid NEPS idir Mhí na Samhna 2020 agus Meán Fómhair 2021.**

Tugann an comhad seo:

- deis don dul chun cinn a thaiféad thar ama.
- leanúnachas tacaíochta agus iad ag aistriú ón mbunscoil/meánscoil
- deis do rannpháirtíocht le tuistí
- chun léibhéal oiriúnach tacaíochta a chur ar fáil do dhaltáí
- áit lárnach don eolas ar fad maidir le dalta m.sh. eolas bailithe, pleananna, idirghabhálacha agus athbhreithnithe.

Samplaí de phleananna ná:

- plean ginearálta tacaíochta
- plean iompair/conradh
- próifíl foghlama aonair
- plean foghlama pearsanta/próifíl dalta pearsanta (PPPs)

8. Cur síos ar na Leibhéal Tacaíochta

Tacaíocht do Chách (Leibhéal 1)

Má bhíonn deacrachtaí ag dalta m.sh. deacrachtaí foghlama, iompair, eagrúcháin, féinbhainistiú, spreagtha srl.) déanfaidh an múinteoir ranga tacaíocht don dalta trí dhifréalú. Is féidir leis an múinteoir ranga dul i gcomhairle leis an gCeann Bliana nó CRBO faoin dalta seo agus baileofar eolas sa bhreis trí ghlaoch a chur ar an mBaile. Beidh an múinteoir ábhair/ranga in ann plean idirghabhálach a chur ar fáil don dalta sin agus taifead a ghlacadh don idirbheart mar aon l'achar ama. Muna n-oibríonn seo is féidir an cás a chur faoi bhráid an Fhoireann Tacaíochta Scoláire (leibhéal 2).

Tacaíocht do Roinnt Scoláirí (Leibhéal 2)

Cuirfear an cás os comhar an Fhoireann Tacaíochta Scoláirí agus is féidir leis an bhfoireann cásanna a roinnt leis na baill seo a leanas:

- An Comhordaitheoir Riachtanas Breise Oideachais
- An Comhairleoir Treorach
- An tOifigeach Caidrimh Baile is Scoile
- An Príomhoide
- An Príomhoide Táinisteach

Déanfar plé go seachtanúil ar na gcásanna agus róghnófar an ball foirne cuí chun plé leis an dalta agus idirbheart don tseachtain dár gcionn agus déanfar monaiteoireacht. Rachaidh an t-eolas seo isteach sa phlean tacaíochta don dalta sin.

Tacaíocht don Líon Beag Dalta (Leibhéal 3)

Má bhíonn deacrachtaí fós ar lean don dalta seo tar éis achar ama, d'fhéadfadh ball don Fhoireann Tacaíochta Scoláirí an dalta a cur ar aghaidh ag léibhéal tacaíochta a trí (3).

Is tríd seo a iarratar ar chomhairle ar shaineolaí seachtrach (Síceolaí, Comhairleoir, Lucena, PSS nó Teiripeoir Saothair nó Cainte). D'fhéadfadh measúnú níos cuimsí a bheith i gceist le cead tuismitheora. Is i dteannta an saineolaí cuí a chuirfear aon phleananna ó thaobh na tacaíochta léibhéal a trí i bhfeidhm. Rachaidh an eolas seo isteach sa Chomhad agus déanfar monaiteoireacht ar seo thar achar ama.

9. Rólanna agus Freagrachtaí na Baill Foirne den fhoireann RBO

Is éard is brí leis an bhfoireann RBO ná; an Dalta le RBO, na Tuistmitheoirí, an Bord Bainistíochta, an Príomhoide, an Príomhoide-Tanaisteach, an Comhairdneoir RBO, na Cinn Blianta, na Múinteoirí Ranga, na Múinteoirí Ábhair, na Múinteoirí RSO, an Comhairdneoir RSO, Na Cúinteoirí Riachtanais Speisialta, An Comhairleoir Treorach, An Phobail níos leithne, An Bord Bainistíochta, An Príomhoide, Príomhoide Tanaisteach, An Comhairdneoir RSO, Na Cinn Blianta, Na Múinteoirí Ranga, Na Múinteoirí Ábhair, Na Múinteoirí RSO, Na Cúinteoirí Riachtanais Speisialta, An Comhairleoir Treorach.



An Dalta:

Tá ról larnach ag dalta lena bhforbairt agus measúnú ar a bhfoghlaím féin.

Is féidir leis an dalta:

- A bheith níos neamhspléach mar fhoghlaimeoirí agus spreagtar iad chun freagracht a ghlacadh ina bhfoghlaím féin.
- A bheith mar fhoghlaimeoirí rathúla agus níos fearr ag forbairt scileanna chun a bhfoghlaím féin a uasmhéadú agus chun a bheith mar smaointeoirí criticiúil.
- A bheith feasach faoi na stíleanna múinteoireachta agus foghlama – Meitacogníocht
- A bheith páirteach I bhforbairt a bplean oideachais féin.
- A bheith níos eolaí de thabhairt agus luach a bheith ag obair I gcomhpháirt le daoine eile.
- Chun páirt a ghlacadh go smior I saol na scoile I gColáiste de hÍde.
- Chun a poiteinseal a aimsiú.

Tuistí/Caomhnóirí

it a n-úsáidtear an fhocail ‘tuiste’, glactar leis gurb ionann agus an fhocail ‘caomhnóir’, má’s ann dó. Déanfar éifeacht idirghabháil ar mheasúnú ar bith a mheas trí bhaint a bhíonn ag tuistí an dalta faoi mar a luann an tAcht Oideachais, 1998, ag an Roinn Oideachais ‘go bhfuil an tuismitheoir mar an oide príomhúil’.

- Go mbeadh fáil ag tuistí ar eolas RBO an Choláiste trí shuíomh na scoile .i. An Polasaí Ionchuimsithe.
- Go bhfuil ról lárnach ag tuistí i gcóras aistrithe na scoile, ón mbunscoil go dtí an mheánscoil agus ón daraléibhéal go tríú léibhéal.
- I gcaitheamh na bliana déanfar nuashonraigh a roinnt le tuistí. Mar chomaoin ar seo, tá an scoil ag braith ar tuistí chun an CRBO nó nascdhuine a choiméad suas chun dáta le forbairtí óna bpeirpseictiochtaí. Táthar ag súil go n-oibreoidh tuistí go dlúth leis an bhfoireann MRBO chun taithí foghlama an dalta a bheith chomh dearfach is atáthar in ann.
- Tugtar cuireadh do thuistí chun teagmháil a dhéanamh leis an nasc dhuine le linn na bliana chomh maith leis na Múinteoir RBO le linn na cruinnithe tuistí.
- Iarrtar ar thuistí a bheith i láthair ag ionduchtú roimh thuas na scoilbhliana do dhaltaí atá ag teacht isteach i mBliain 1 nó teagmháil a dhéanamh leis an CRBO roimh na scrúduithe iontrála i mí Eanáir, nó roimh na hagallaimh iontrála don bhliain ionduchtaithe.
- Iarrtar do chead ó thuiste i scríbhinn má bhíonn dalta le cur trí thastáil (an fhoirm ghorm ag na hagallaimh iontrála) nó curtha ar aghaidh le haghaidh tástáil. Éagraítear cruinniú/cruinniú fóin chun plé a dhéanamh ar thorthaí an mheasunaithe, le tuairimí a thabhairt i bhfoirmniú agus forbairt ar phlean agus i dtreo athbhreithnithe.
- Iarrtar ar thuistí tacaíocht a thabhairt do obair na scoile leis an dalta agus a chinntiú úsáid cuí agus cothabháil ar threalaimh nó áiseanna a chuirtear ar fáil don dalta.

An Bhoird Bainistíochta

Luíonn an fhreagracht deiridh leis an mBord Bainistíocht I gColáiste de híde don oideachais do pháistí le RBO.

Déanfaidh an Bhord agus an Príomhoide, gníomhach ar a son:

- A bheith ag obair leis an bhfoireann agus fhoireann RBO chun monaiteoireacht ar an Polasaí Ionchuimsithe agus an Clár RBO a chur i bhfeidhm go leanúnach chun deáchleachtais a léiriú.
- Chun chur chuige uile scoile a chur chun cinn maidir le soláthar RBO.
- Chun foireann a cheapadh chun an clár a reachtáil

An Príomhoide

Tá freagracht deiridh ag Príomhoide na scoile d'fhorbairt agus chur i bhfeidhm de pholasaithe an Choláiste.

Déanfaidh an Príomhoide:

- Cinntiú go bhfuil a dhóthain uaireanta feabhais ar an gclár ama le haghaidh tacaíocht oideachasúil cuí a chur i bhfeidhm.
- A bheith ag déanamh eascaíocht ar chruinnuithe de, agus traenáil inseirbhíse don fhoireann RBO.

An Comhordaitheoir Riachtanais Breise Oideachais (CRBO)

Beidh freagracht ag an CRBO do ollbhainistíocht do ghníomhaíochtaí laethúla don fhoireann RBO.

Déanfar athbheithniú ar na dualgaisí agus seans go n-athrófar iad chun príorachtaí den fhoireann RBO a aithint. Déantar rólanna agus freagraíochtaí speisialta na foirne a leagadh amach i bhfoilseacháin an ROS 'Ionchuimsiú daltaí le riachtanaisí speisialta Treoiríntí Iarbhunscoile 2007'.

An Fhoireann Tacaíochta Scoláirí

Tá an Fhoireann Tacaíochta Scoláirí déanta den Phríomhoide, an Príomhoide Táinisteach, An Chomhairleoir Treorach, An Comhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta agus an Oifigeach Caidreamh Baile 's Scoile.

An ról atá acu ná:

- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann RBO
- Aithint a dhéanamh ar dhaltaí gur gá le tacaíocht
- Cuidiú le tastáil
- Cumarsáid le tuistí
- Cumarsáid le bainistíocht na scoile
- Cumarsáid le foireann na scoile.

- Daltaí a chur ar aghaidh chuig eagraíochtaí seachtracha
- Cuidiú leis an gComhad Tacaíochta Scoláire a líonadh

Na Múinteoirí Ábhar

Tá ról lárnach agus an múinteoir ábhair i dtabhairt ar aghaidh ionchúiseamh do dhaltaí le RBO sna ranganna príomhsrutha. Is leis an Múinteoir ábhair ina luíonn an príomhfhreagracht don dul chun cinn an dalta in a rang. Tá sé thar an bheith tábhachtach go gcruthaíonn gach múinteoir ábhair timpeallacht a fhreastlaíonn ar dheacrachtaí foghlama agus fisiciúla. Táthar ag súil go gcuirfeadh i bheidhm bealaí difreálaithe na foghlama, múinteoireachta agus measúnaithe chun a chinntiú go mbeadh scileanna do ghach dalta, ina measc, go bhforbraítear daltaí le RBO.

Cuirfidh múinteoirí ábhair iad féin a bheith ar an eolas faoi riachtanaisí Speisialta ar dhaltaí ina ranganna féin. Cuirtear liosta do dhaltaí ar chlár RBO ar fáil do mhúinteoir ag an gcéad chruinniú foirne sa scoilbhliain. Ní mór do mhúinteoirí cur le agus cloí leis an gComhad Tacaíochta Scoláirí. Is féidir le múinteoirí measúnaithe síceolaíochta nó tuairisí a iarraidh ar CRBO a léamh nó sonraí sa bhreis ach san oifig RBO. Tá sé mar dhualgais ag na Múinteoirí ábhair na daltaí atá ar an gclár RBO a aimsiú ina gcuid ranganna féin. Má bhíonn buairteanna sa bhreis ar bith ag múinteoirí ábhair, tá sé mar dhualgais ag an Múinteoir sin an t-eolas a roinnt leis an CRBO.

Bíonn ról lárnach ag an Múinteoir ábhair l'aithint luath a dhéanamh ar dhaltaí le RBO. Bíonn an Múinteoir ábhair ar an bpointe maidir le féidireachtaí do saindeacrachtaí nó deacrachtaí ghinearálta foghlama. Bíonn na múinteoirí seo in ann a mbuairteanna a thabhairt don CRBO. Is cuid riachtanach é an comhoibriú ard a bhíonn ann idir an Roinn Feabhais agus na múinteoirí ábhair. Is féidir le Múinteoir ar bith laistigh den scoil dalta a chur ar aghaidh chuig an CRBO ach a mbuairteanna bheith i scríbhinn agus fianaise chun tacú lena mbuairt ina teannta.

Luíonn forbairt acadúil an dalta leis an Múinteoir ábhair i dtosach. Ar mhaithe lena cinntiú go sroiceann an scoil riachtanaisí an dalta le RBO, moltar do ghach Múinteoir a bheith:

- Airdeallach ar pholasaí an Choláiste maidir le plé le daltaí RBO
- Ag lorg eolas ón CRBO maidir le daltaí le RBO
- Freagrach lena bhforbairt proifisiúnta leanúnach go háirithe le deacrachtaí comóna .i. Disléicse
- Forbairt a dhéanamh ar úinéireacht maidir le daltaí le RBO ina gcuid ranganna.
- Pleanáil conas an CRS a úsáid go héifeachtach ina ranganna, nó i gcomhairle leis an CRBO.
- Tacúil do neamhspléachas an dalta, go háirithe ag leibhéal na Sráithe Sinsearaí.

Na Cuntóirí Riachtanais Speisialta/ Cuntóirí Tacaíochta Ionchuimsiú

Áit a mholtar ag eagraíocht nó gníomhaire seachtrach agus ceadaithe ag tuistí go bhfuil CRS ag teastáil, déanfaidh an CRBO iarratas chuig an CNOS. Ag braith ar an leathdháileadh a bheith ceadaithe, déanfaidh an CRS aire a thabhairt do riachtanaisí curaim agus deacrachtaí neamhoideachasúla an dalta. Déanfaidh an CRS tacaíocht a sholáthar faoi mar atá ag teastáil. D'fhéadfadh na deacrachtaí seo a bheith mar deacrachtaí le heagrúcháin,

gníomhaíochtaí seachchurraclach, ag cabhrú le múinteoirí le feitheoireacht a dhéanamh ar dhaltaí le RBO, ag cabhrú le daltaí a bheith níos neamhspléach agus féinmhuiníní. Déantar rochtain do CRS a thabhairt don dalta agus tuig le seo a bheith go bhfuil níos mó daltaí le rochtain ná CRS sa scoil. Sa chás seo, ní mór don Phríomhoide agus CRBO rochtain ar CRS a thabhairt do dhaltá bunaithe ar a riachtanaisí. Is de dheasca seo, go mbeadh daltaí i rang gan tacaíocht CRS. Ba chóir do CRS a bheith i gcruinnuithe agus traenáil in oiriúnt dá bpost. Déanfaidh na CRS a ndualgaisí a chur i gcrích leagtha amach ag an bPríomhoide nó CRBO agus ina n-áit, an Príomhoide Táinisteach i gcomhréir leis an bPolasaí CRS gur chóir a léamh i dteannta leis an bPolasaí seo.

An Chomhairleoir Treorach

Mar bhall den fhoireann RBO, déanfaidh an Chomhairleoir Treorach:

- Obair leis an fhoireann RBO in eascaíocht do dhaltá le RBO agus a n-ionchuimsiú sa Choláiste.
- A bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an fhoireann MRBO (eochardhuine) maidir le DARE, HEAR, Socruithe Réasúnta le oiriúntaisí cuí a bheith ar fáil do dhaltá sna Scrúduithe Stáit agus sa phróiséis CAO.
- Comhairleoireacht a thabhairt i bhforbairt phearsanta, oideachasúil agus gairme.
- Comhaidneoireacht a dhéanamh ar roinnt mheasúnaithe ina measc an CAT4 (Eanáir, Rang 6).
- Eolas gairme a sholáthar
- Dul i gcomhairle na foirne agus tuistí.
- Ullmhúchán gairme a thabhairt – scileanna cuairtú poiste, ullmhúchán do thaithí oibre
- Ag obair go congaireach leis na Cinn Blianta agus an fhoireann RBO chun daltaí a d'fhéadfadh a bheith i ngá le tacaíocht a aithint.
- Chun comhairle a thabhairt do daltaí agus tuistí maidir le rogha ábhair.

Eagraíochtaí Seachtracha

Tá Coláiste de hÍde i ndiaidh naisc dhearfacha a fhoirmniú leis na heagraíochtaí seachtracha seo a leanas a thugann tacaíocht dar ndaltaí:

- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta (CNOS)
- An tSeirbhís Tacaíochta um Oideachais Speisialta (STOS)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)
- An Fhoireann Tacaíochta um Seirbhísí Síceolaíochta an BOOACDL (PSS) agus NEPS (mar chuid den SIM (2018 ar lean))
- Teirpeoirí Urlabhra and Teirpeoirí Saothair mar chuid den SIM Píolótach (2018 ar lean)
- Enable Ireland
- Clinic Lucena
- Eagraíochtaí Seachtracha Eile – idir phoiblí agus príomháideach, iad seo san áireamh
 - Síceolaí
 - Síceolaithe Cliniciúil

- o Síciatraí
- o Teiripeoirí Saothair
- o Teiripeoirí Teanga 's Urlabhra
- o Dochtúirí

Níl an liosta seo cuimsitheach agus forbróidh an Choláiste nascanna sa bhreis le heagraíochtaí seachtracha faoi mar a éilíonn riachtanaisí an dalta.

Seans go mbeadh sé riachtanach comhdháil cúise (cás) le saineolaíthe cuí le cead agus eolas ó thuistí na ndaltaí (agus a tinreamh) ar mhaithe leis an gcur chuige agus soláthar is fearr don dalta a aimsiú.

Seans go mbeidh gá foirmeach/ceistneoirí a líonadh ó na heagraíochtaí seo maidir le daltaí sa scoil. Líontar na foirmeacha seo le cead ó na tuistí agus seolta ar ais láithreach chuig na heagraíochtaí tacaíocht cuí.

10. Rochtain ar Thacaíocht

Ó Mhárta 2017, tá modh nua do leathdháileadh acmhainní tacaíochta chuig daltaí. Ní bhronntar uaireanta faoi leith ar dhaltaí ón gCNOS (NCSE) bunaithe ar a diagnóis. Ó Mheán Fómhair 2017, beidh ar scoileanna leathdháileadh a dhéanamh go huathoibreach chun acmhainní múinteoireachta bunaithe ar riachtanas an dalta, seachas bunaithe ar diaignóis.

Déanfar cinneadh ar thacaíocht bunaithe ar réimse critéir, ach ní sriantaithe ag:

- Eolas bailithe ó thastáil síceolaíochta ag dalta
- Eolas bailithe ó thuistí
- Eolas bailithe ón mbunscoil
- Eolas ó mhúinteoirí (atreorú) a thógáil san áireamh: Foghlaim, móthúchánach, iompair, sóisialta. Déanfaidh an CRBO an t-eolas cuí a bhailiú I gcomhairle leis an mbainistíocht, na tuistí agus an dalta.
- Measúnú foirméailta agus neamhfhoirmeálta ina measc, torthaí iontrála CAT4, torthaí Dhroimchonracha (Bliain 2), torthaí DATs (Bliain 4) agus aon scrúdú caighdeánach a d'fhéadfadh a bheith curtha ar dhaltaí le linn na scoilbhliana (WRAT5)
- Breathnóireacht déanta ag Múinteoir agus CRS
- Cumarsáid le heagraíochtaí seachtracha.
- An dalta féin ag cur iad féin ar aghaidh.

11. Modhanna aitheantas a dhéanamh ar dhaltaí le Riachtanais Aonaracha agus Dífríochtaí Foghlama (i) Roimh-theacht chun na scoile (ii) Scagthastáil ar Dhaltaí Bhliain 1 (iii) Daltaí le RBO ag teacht ó mheánscoil eile (iii) Tastáil leanúnach.

Déantar plan don dalta a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Déantar an plan seo a chur ar fáil don fhoireann, agus déanfar monaiteoireacht agus athbhreithniú air chun dul chun cinn an dalta a mheas.

Modhanna aithint a dhéanamh ar dhaltaí le Riachtanaisí Aonaracha agus Dífreachtaí Foghlama:

(i) Roimh-theacht chun na scoile:

- Agus tuistí deimhnithe go bhfuil a p(h)áiste ag teacht chun na scoile (le linn na n-agallaimh iontrála nó ar ghlacadh spás sa scoil), iarrtar ar thuistí doiciméidí oiriúnacha a thabhairt chuig an CRBO.
- Rachaidh an CRBO agus an Príomhoide, nó ionadaithe ina n-áit chuig na mórghunscoileanna chun bualadh le múinteoirí bunscoile atá ag na daltaí an t-am sin.
- Déanfar teagmháil le tuistí, an CRBO de ghnáth, chun plé a dhéanamh leo maidir le haon cháipéisí/tuairiscí roinnte leis an scoil, nó sínithe ar cháipéisí ón CNOS a fháil, ar mhaithe le freastal ar riachtanaisí sa scoil.
- Tá sé intuigthe go bhfuil teacht chun na scoile ag braith go hiomlán ar acmhainní agus áiseanna a bheith curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun freastal ar riachtanaisí an dalta. Tá sé mar fheidarthacht go mbeadh ar an mBord Bainistíochta clarú dalta a chur ar athló.

(ii) Scagthastáil ar Dhaltaí Bhliain 1

- Déantar gach dalta a chur faoi thastáil le CAT4 ag na scrúduithe iontrála chun a gcumas ghinearálta a mheas i dteanna lena gcumas lithearthacha agus uimhearthacha.
- Déantar gach dalta atá ag scoráil faoi bhunscór caighdeánach <85 a aithint.
- Déanfar gach dalta a chur faoi scrúduithe gnóthachtála i mbliain 1 (WRAT5) chun a gcumas gnóthachtála a mheas san Uimhearthach agus Litearthacht.
- Má's ceaptha a bheith oiriúnach, déanfar tairiscint do thuistí do thacaíocht a bheith ar fáil don dalta.
- Cuirfear ar aghaidh aon chásanna cuí d'éagraíochtaí seachtracha m.sh. CNOS, PSS, HSE, go príomháideach, i gcomhairle le tuistí agus an SENO, má shíltear oiriúnach ag an bPríomhoide agus an CRBO.

- Pásanna Oideachais ó na bunscoileanna a fháil agus na scóranna Dhroimchonracha a iontrál taobh leis na CAT4/WRAT5 le breis anailís a ghineadh faoi na daltaí.

(iii) Daltaí le RBO ag teacht ó mheánscoil eile

Má's ann do dhalta le RBO ag teacht ó mheánscoil eile, táthar ag súil go gcuirfear a bpás oideachais agus aon cháipéisí cuí (measúnaithe agus tuairisí scoile) ar aghaidh go dtí an CRBO nó an Príomhoide. Déanfar na daltaí seo a mheas ar chásanna aonaracha faoi mar a dhéantar do dhaltaí Bliain 1 agus bronnfar acmhainní orthu faoi seach.

(iv) Tastáil leanúnach

- Ó ham go ham, d'fhéadfadh dalta teacht chun solais le riachtanaisí ar leith ní difríochtaí foghlama nach raibh acu cheanna. Má bhíonn an dalta seo ag fulaingt de dheasca seo. Dóibh siúd a bhfuil ag leanúint leis an bhfulaingt, ní mór iad a sheoladh ar aghaidh chuig an fhoireann RBO.
- Má bhíonn sé don tuairim ag an bhfoireann RBO go mbeadh sé mar bhuntáiste ag an dalta idirghabháil a bheith déanta, déanfar an dalta a mheas go neamhfhoirmeáilte. Lorgáítear cead ó na tuistí sula gcuirtear tástáil orthu. Luíodh na torthaí don mheasúnú seo agus acmhainní na scoile le fios cén treoir ina rachadh aon bheart.
- D'fhéadfadh torthaí measúnaithe a léiriú nach bhfuil deachracht foghlama ag an dalta. Sa chás seo, déanfar freastal ar an dalta le strúchtúirí atá ar fáil do dhaltaí i gcoitinne m.sh. meantóireacht/monaiteoireacht ag an gceann bliana, tacaíocht ón gComhairleoir Treorach, athbhreithniú ar leibhéal ábhair do Scrúduithe Stáit.
- Má léiríonn na torthaí go bhfuil deacrachtaí mothúcháinach nó sóisialta, d'fhéadfadh cinneadh a thabhairt do na tuistí an dalta a sheoladh ar aghaidh chuig eagraíocht seachtrach cuí.

12. Leathdháileadh d'Acmhainní an CNOS do dhaltaí le RBO.

Díreófar na hacmhainní ón CNOS i dtreo na ndaltaí leis na riachtanaisí is mó agus ag tacú leis an modh leathdháileadh d'uaireanta acmhainne.

Déanfaidh an fhoireann RBO torthaí measúnaithe a mheá agus déanfar machnamh an modh is fearr d'idirghabháil don dalta, i gcomhairle lena tuistí, múinteoirí ábhair, CRS agus eagraíochtaí seachtracha.

Tá sé aidhm ag an gColáiste dalta le RBO a mhúineadh i suíomh ionchuimsithe, laistigh den rang ghrúpa, tacaíthe ag CRS, áit ina mbíonn sin dáilte. D'fhéadfadh seo foirm an piarmhúinteoireacht in ábhar faoi leith. D'fhéadfadh seo foirm an ghrúpa bhig nó aistharraingte. D'fhéadfadh seo foirm an mhúinteoireacht 1:1 muna bhfuil aon duine leis na riachtanais seo ar fáil ag an am céanna.

13. Aistriú daltaí le RBO

Déantar scrúduithe iontrála a chuir ar dhaltaí i Rang 6 i Mí Eanáir na bliana iontrála. Coiscís níos déanaí cuirtear faoi agallaimh iad i dteannta a dtuistí. Cuirtear ceist ar thuistí sonraí do RBO a thabhairt don scoil móide cáipéisí tacúla a shólathar don scoil chun iarratas a dhéanamh don CNOS (má's ann dóibh). Bíonn teagmháil le tuistí maidir leis na hiarratais seo go luath ar mhaithe le cloí le spriocdháta ón CNOS.

I mBealtaine nab liana iontrála, fáiltítear do dhaltaí le RBO teacht chun na scoile ar thuras teoraithe chun dul i dtuistí leis an timpeallacht, foirgneamh, múinteoirí srl. Is féidir leis na turas seo a bheith eagraithe tríd an bhunscoil agus a Múinteoir RBO agus CRS a bheith ina dteannta.

Bíonn cuireadh tugtha an tseachtain sula dtagann na daltaí seo ar scoil i Mí Lúnasa. Déantar ionduchtú ar na daltaí seo agus a tuistí faoi shaol na scoile. Is ansin go mbuailfear leis an CRBO agus CRS (má's ann dóibh).

Má aistríonn dalta le RBO ó mheánscoil eile, ní mór don tuiste, na cáipéisí agus cóipeanna do scríbhínní a fháil ón scoil agus iad a chur ar fáil don scoil nua.

Déantar freastal ar dhaltaí le RBO leis na nithe seo a leanas (m'ás ann dóibh) ag aistriú ón meánscoil go dtí an tríú leibhéal:

- CAO .i. DARE agus HEAR
- Príntisíochtaí
- Ullmhúcháin do PLCanna
- Scileanna Agallaimh

14. Múnlaí don Sholáthair Tacaíochta

Tá sé mar aidhm againn modh ionchuimsithe a chur ar fáil a luíonn leis na riachtamaisí don dalta aonaracha, ag luí leis an modh nua leathdháileadh atá ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. (cf. Treoirínte Tacaíochta do Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna príomhshrutha, Lch 5).

Mar choláiste ionchuimsithe, is é an tacaíocht chun torthaí nó intinní foghlama sa rang phríomhshrutha is fearr. Piarmhúinteoireacht – áit a ndéantar tacaíocht do dhaltaí le daltaí le riachtanaisí oideachais agus gach dalta araon nuair a bhíonn Múinteoir RBO agus Múinteoir ábhair ag obair i dteannta a chéile.

Eagraítear grúpaí beaga ar bhunús do phrófíl céanna agus cumas daltaí a aistharraingt ag an am céanna. Is é a fhreagracht den mhúinteoir RBO na grúpaí seo a eagrú i gcomhairle leis an CRBO. Eagraítear na tréimhsí seo le linn ábhair i gcoitinne ag na daltaí ag am am céanna, nó le linn ábhar nach ábhair scrúduithe iad.

Ní úsáidtear ranganna aonaracha ach amháin chun tacaíocht a thabhairt atá sainfheidhmeach nó as an ngnáth.

Tugtar tacaíocht Uimhearthachta, Litearthachta, Curaclaim, Éagrúcháin, Mothúcháin, scileanna sóisialta le grúpaí beaga agus ar bhonn aonaraigh, faoi mar atá oiriúnach.

Is féidir le clár ama ar leith a eagrú do ghrúpa bheag daltaí, áit a mheastar oiriúnach seo, i ndiaidh comhairle leis na tuistí, eagraíocht seachtrach cuí agus bainistíocht na scoile. Is ar chúiseanna aonair ina laghdaítear clár ama na ndaltaí seo.

15. Cuir chuig don Fhoghlaim laistigh den fhoireann Mhúinteoirí Riachtanais Bhreise Oideachais.

Cuirtear réimse leathan do chláir agus táithí/gníomhaíochtaí ar fáil ag an bhfoireann MRBO i gcaitheamh chúrsa staidéar a chur i bhfeidhm/le linn ceachta. Aithneoidh múinteoirí na stíleanna foghlama ag daltaí aonaracha agus úsáidfear modheolaíochtaí oiriúnacha chun spéis an dalta a tharraingt i dtreo cinéistíeach, éisteach, céadfach, teanga, radhairc agus éirim idirphearsanta.

Cuirtear ceachtanna i bhfeidhm i modh tacúil, sábháilte agus smachtaithe. Déanann an fhoireann agus na daltaí idirghabháil i modh a léiríonn comhmheas. Creideann an Coláiste go ndéantar foghlam éifeacht sa chomthéacs ghaol comhbhách agus go gcothaíonn gaol mhaith dalta/múinteora múinín agus meas agus a fhorbraíonn féintuilleamaíochas agus tionscnaíocht an dalta iontu féin.

Roinnt do na cláir a dhéantar taisircint sa Choláiste ná:

- Cláir Litearthacha agus Uimhríochta
- Scileanna Sóisialta
- Scileanna Staidéar
- Tacaíocht Iompair
- Am Aisiríoch
- Teicneolaíocht
- Comhairleoireacht

16. Riaracháin Bainteach leis an Fhoireann Múinteoireachta Riachtanais Bhreise Oideachais.

Socruithe Réasúnta sna Scrúduithe Stáit (RACE)

Beidh ball den fhoireann MRBO mar eochar dhuine do Shocruithe Réasúnta sna Scrúduithe Stáit i dteanna leis an gComhairleoir Treorach (má's gá). Oibreoidh an eochardhuine le Coimmissiún na Scrúduithe Stáit (SEC) chun chinntiú agus freastal ar Shocruithe Réasúnta do dhaltaí incháilithe le riachtanaisí aonaracha nó difríochtaí foghlama le linn na Scrúduithe Stáit.

Leagtar amach coinníollacha lena bheith incháilithe le haghaidh Socruithe Réasúnta ag an gCoimmissiún (SEC). Tugtar spriocdhataí agus treoirlíntí do scoileanna gach bhliain acadúil ag an gCoimmissiún. Bíonn ceadúnais tuistmitheora riachtanach agus iarrtar seo ó thuistí ag an staid seo.

https://www.examinations.ie/schools/cs_view.php?q=9999ec650ba051afid2kbe6e02695cc502byshed

Suíonn daltaí le riachtanaisí aonaracha agus difríochtaí foghlama scrúduithe tí i gcaitheamh le nósanna imeachta na scoile. Laistigh de srianta acmhainní, tabharfar an bhuntáiste céanna dóibh siúd ar a bhfuil Socruithe Réasúnta bronnta go hoifigiúil orthu ag an gCoimmissiún le linn scrúduithe tí.

Treallaimh

Déanfaidh an fhoireann MRBO nasc leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an CNOS (NCSE) chun freastal agus a chinntiú go bhfaigheann daltaí na treallaimh phearsanta (m.sh. ríomhairí glúine, gléasanna soghluaiste, mionríomhaire glúine nó bogearraí a ghabhann leo thuas) dóibh siúd atá incháilithe le riachtanaisí aonaracha nó deacrachtaí foghlama.

17. Cód Iompair

Bíonn gach dalta i gColáiste de hÍde in ainm is a bheith ag leanúint leis an gCód Iompair. Tá sé inglactha áfach, go mbeadh sraitheanna eile don tacaíocht/idirghabháil ag teastáil sula gcuirtear i bhfeidhm smachtbhannaí, d'ar leis an gCód Iompair. Ní bhaineann seo na smachtbhannaí, ach oiriúnaíonn an smachtbhanna chun luí leis an iompar aonarach. Tá sé inglactha leis muna shroiceann an dreimire tacaíochta leis an iompar dalta a athrú, ní chuirfeadh i bhfeidhm an smachtbhanna bunaithe ar an gCód Iompair.

18. Naisc le Polasaithe Scoile Eile

Déanfar nasc leis an bpolasaí seo thar tréimhse dhá bhliain, go háirithe iad siúd atá díreach faobhtha ag an mbord bainistíochta.

Gluais

ROS: An Roinn Oideachais agus Scileanna

FSS: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

RBO: Riachtanas Breise Oideachais

CRBO:	Comhordaitheoir Riachtanas Breise Oideachais
ERSO:	Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (CNOS)
MRBO:	Múinteoirí Riachtanas Breise Oideachais
CNCM:	Comhairle Náisiúnta um Curaclam agus Measúnachta
STRSO:	An tSeirbhís Tacaíochta do Riachtanas Speisialta Oideachais

Dáta Athbhreithnithe ar an bPolasaí:

Nollaig 2018

Samhain 2020

Nollaig 2022

Coláiste de hÍde



Meas - Bród - Comhar

Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Fón 01 4513984 Facs 01 4527075 R-phost: eolas@colaistedehide.ie

Suíomh Idirlín www.colaistedehide.ie

Príomhoide: Conchubhair Mac Ghloinn

Príomhoide Tánaisteach: Sarah Ní Mhuirí

Inclusion Policy

1. Mission Statement

In Coláiste de hÍde, we aim to empower and facilitate the individual student to reach his/her potential intellectually, physically, spiritually, culturally, socially and emotionally through the medium of the Irish language. A special effort is made in the school to promote a positive self-image in all individuals together with respect for every person, their community and their environment.

